
# State Examinations Commission


# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcáil Ar Líne 2026: Ceisteanna Coitianta*

Tá an doiciméad seo roinnte i líon codanna éagsúla:

- Rochtain a dhéanamh ar *Assessor* (an córas marcála)
- Rochtain a dhéanamh ar scripteanna lena marcáil
- Scripteanna a mharcáil agus a chur isteach
- Monatóireacht a dhéanamh
- Ceisteanna eile
- Aguisín 1: Teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Marcála Ar Líne
- Aguisín 2: Gléasanna Molta agus Tacaithe
- Aguisín 3: An Taisce a Ghlanadh

| # | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **Rochtain a dhéanamh ar *Assessor* (an córas marcála)** | | |
| **1.** | **Conas a thagaim ar an leathanach logála isteach le haghaidh *Assessor* (an t-ardán marcála)?** | Is é an leathanach logála isteach le haghaidh *Assessor* [https://sec.assessor.rm.com/](https://sec.assessor.rm.com/)<br>Is féidir leat an seoladh suímh ghréasáin seo a chlóscríobh isteach sa bharra ag an mbarr de bhrabhsálaí idirlín ar bith (e.g. *Chrome, Firefox, Microsoft Edge*). Agus an leathanach logála isteach aimsithe agat, ba chóir duit é a leabharmharcáil ar do bhrabhsálaí ionas gur féidir leat teacht air arís go héasca.<br>Ná déan iarracht teacht ar an leathanach logála isteach trí "*RM Assessor*" a chuardach ar Google – is é is dóichí ná go dtabharfaidh sé seo tú go dtí leathanach logála isteach d'fhoras measúnaithe eile seachas CSS.<br>Ba chóir go mbeadh lógó CSS ar an leathanach oscailte den leagan *RM Assessor* atá in úsáid ag Scrúdaitheoirí do Sheisiún Samhraidh 2026:<br>Coimisiún na Scrúduithe Stáit<br>*State Examinations Commission* |
| **2.** | **Cathain a dhéanaim mo chuntas RM Assessor a ghníomhachtú?** | Go luath roimh an gcomhdháil, gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh d'ainm úsáideora agus nasc gníomhachtaithe le haghaidh do chuntais. Nuair a chliceálann tú ar an nasc, beidh ort do phasfhocal a chur isteach agus é a dheimhniú, ansin roghnaigh an cnaipe 'Athraigh an pasfhocal':<br><br><br>Ansin, beidh tú in ann cliceáil ar an Nasc Gníomhachtaithe chun logáil isteach i do chuntas:<br><br> |

| # | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **3.** | **Cad a dhéanaim má dhéanaim dearmad ar m'ainm úsáideora agus nó ar mo phasfhocal?** | Má dhéanann tú dearmad ar do phasfhocal agus tú ag marcáil, téigh chuig suíomh gréasáin *Assessor* (https://sec.assessor.rm.com/) agus cliceáil ar Pasfhocal Dearmadta? (féach an íomhá thíos).<br><br>Má dhéanann tú dearmad ar d'ainm úsáideora, téigh i dteagmháil leis an Rannóg Marcála Ar Líne (onlinemark@examinations.ie nó 090 644 2461/090 644 2476). Beidh ort d'ainm agus an páipéar atá á mharcáil agat a chur in iúl dóibh. (B'fhéidir go mbeidh ort a rá leo cén seoladh ríomhphoist atá ag CSS ar taifead duit, más rud é nach ionann é agus an ceann óna bhfuil tú ag seoladh an ríomhphoist.) |
| **4.** | **Cad a dhéanaim má fhaighim an teachtaireacht earráide seo a leanas?** | Má fhaigheann tú an teachtaireacht thíos, déan cinnte de nach bhfuil *Assessor* oscailte agat i dtáib / brabhsálaithe iomadúla ag an am céanna. Mura bhfuil *Assessor* oscailte agat i dtáib / brabhsálaithe iomadúla, ba chóir duit **do thaisce a ghlanadh** (féach na treoracha ag deireadh an doiciméid).<br>**Tá fadhb ag an suíomh gréasáin – bain triail as arís**<br>**Má leanann an fhadhb ar aghaidh, téigh i dteagmháil le do riarthóir leis an dáta & leis an am seo a leanas:**<br>5/31/2021, 1:03:54 PM |
| **Rochtain a dhéanamh ar scripteanna lena marcáil** | | |
| **5.** | **Conas a fhaighim scripteanna lena marcáil?** | Tá na sonraí iomlána sa doiciméad *Ag Tosú Amach*, leathanaigh 2 go 4.<br>Téigh chuig suíomh gréasáin *Assessor* (https://sec.assessor.rm.com/), cliceáil ar Marcáil, agus ansin cliceáil ar Mo Mharcáil don chomhpháirt ábhartha. Má tá scripteanna ar fáil duit, ba chóir go mbeifeá in ann cliceáil a dhéanamh ar Faigh Freagraí Nua. Nuair atá na freagraí (scripteanna) agat, cliceáil isteach i gceann amháin chun tús a chur lena mharcáil.<br>Tabhair faoi deara go bhfuil sé níos úsáidí cliceáil a dhéanamh ar Liostaigh amharc, chun sonraí gach scripte a fheiceáil (féach an leabhrán *Ag Tosú Amach*, leathanach 4). |
| **6.** | **An féidir liom na scripteanna ar fad atá leithdháilte orm a íoslódáil sula dtosaím ag marcáil?** | Go bunúsach, ní féidir. Bíonn rochtain agat ar níos mó agus níos mó scripteanna de réir mar a leanann tú ar aghaidh tríd an marcáil, ach ní féidir leat iad ar fad a íoslódáil go hiondúil ag an tús.<br>Beidh srian marcála (líon iomlán na scripteanna atá siad in ann a mharcáil) ag gach scrúdaitheoir agus srian comhreathach (uaslíon na scripteanna is féidir a bheith oscailte lena marcáil). Beidh na srianta seo éagsúil ó ábhar go hábhar. Go hiondúil, beidh an srian marcála socraithe go 10 nó 20 don chéad sampla, ionas nach mbeidh tú in ann níos mó ná an líon scripteanna sin a mharcáil ar dtús. Nuair atá cead tugtha don fhoireann marcála leanúint ar aghaidh chun níos mó ná an sampla a mharcáil, ardófar an srian marcála. I roinnt cásanna, d'fhéadfaí é a ardú go hincriminteach. Cuirfear tuilleadh treoracha ar fáil ag gach comhdháil mharcála. |

| # | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **7.** | **Cén fáth a bhfuil IDanna Freagartha anseo? Agus conas a fheicim uimhreacha na n-iarrthóirí?** | Is uimhir í an ID Freagartha a bhaineann le leibhéal marcála de script. Mar sin, nuair atá script á marcáil agat, tá ID freagartha amháin ag do mharcáil. Nuair a dhéanann do Scrúdaitheoir Comhairleach monatóireacht ar an marcáil seo, tá ID Freagartha éagsúil ag an monatóireacht sin. De réir réamhshocraithe, nuair a logálann tú isteach i gcomhpháirt den chéad uair, taispeánann *Assessor* an ID Freagartha ach ní thaispeántar uimhir an iarrthóra.<br>Agus tú ag logáil isteach i liosta oibre den chéad uair, ba chóir duit cliceáil a dhéanamh ar Liostaigh Amharc ar dheis (féach leathanach 4 de *Ag Tosú Amach*). Taispeánfaidh sé seo uimhir an iarrthóra, agus sonraí tábhachtacha eile. Nuair a dhéanann tú é sin, ansin ba chóir go mbeadh Liostaigh Amharc mar an réamhshocrú don liosta oibre seo gach uair a osclaíonn tú é. |
| **8.** | **Cad a dhéanaim má tá leagan Gaeilge (LG) de script sa chuid faoin Leagan Béarla (LB)?** | Tá sé an-tábhachtach nach ndéanann tú a leithéid de script a mharcáil sa chuid LB, fiú má tá méid suntasach de curtha ar fáil ag an iarrthóir trí Bhéarla. Ní mór na scripteanna LG uile a fhreagairt tríd an gcuid LG.<br>Ardaigh eisceacht um Cheistpháipéar Mícheart (comhartha uaillbhreasa ag an mbarr ar chlé – tríú deilbhín síos) agus luaigh gur script Ghaeilge í sa chuid LB. Cuir an eisceacht isteach. Is é is dóichí go mbainfear an script ó do liosta oibre.<br>Féach an chéad cheist eile le haghaidh níos mó sonraí maidir le díolúintí a ardú. |
| **9.** | **Tá ábhar á mharcáil agam ina bhfuil dhá chomhpháirt. Cad is gá dom a bheith ar an eolas faoi agus scripteanna á n-íoslódáil agam?** | Beidh ort gach comhpháirt a íoslódáil aisti féin. Ach, tá ord ar leith ann inar chóir duit scripteanna a íoslódáil, ionas go bhfaigheann tú péirí meaitseála (áit arb ann dóibh). Beidh sé seo leagtha amach ag an gcomhdháil.<br>Mar shampla, in ábhair ina bhfuil obair chúrsa, ar nós Stair, Oideachas Reiligiúnach, Eacnamaíocht etc., ba chóir duit an páipéar a íoslódáil ar dtús. Nuair a théann tú chun obair chúrsa a íoslódáil, ba chóir don obair chúrsa mheaitseála íoslódáil (i.e. iad siúd do na hiarrthóirí céanna). Má tá páipéir agat nach meaitseálann a chéile (nó obair chúrsa), ná tosaigh á marcáil; seachas sin, seiceáil do liosta oibre Neamhthipiciúil. Mura bhfuil siad ansin, ardaigh eisceacht *Comhpháirt ar Iarraidh*, mar a chuirtear síos uirthi sa cheist roimhe seo. Mar fhreagra ar an eisceacht a d'ardaigh tú, cuirfidh an Rannóg Marcála Ar Líne in iúl duit trí *RM Assessor* más féidir leat an chomhpháirt nach meaitseálann a mharcáil; an bhfuil comhpháirt meaitseála ar fáil anois; nó an mbainfear an chomhpháirt nach meaitseálann de do liosta oibre. |

| # | Ceist | Freagra |
| --- | --- | --- |
| **10.** | **Cad iad na cúinsí eile faoinar chóir eisceachtaí a ardú?** | Téigh i dteagmháil le do scrúdaitheoir comhairleach sula n-ardaíonn tú eisceacht. Is féidir eisceachtaí a ardú faoi na cúinsí seo a leanas:<br>• *Iarratas ar íomhá a athscanadh*: má tá fadhb theicniúil leis an scanadh a rinneadh ar dtús, mar shampla, má tá leathanach fillte. Tabhair faoi deara nach dócha go ndéanfaidh athscanadh lámhscríbhneoireacht atá deacair a léamh níos inléite í.<br>• *Ceistpháipéar Mícheart*: má tá an script le haghaidh ábhair nó leibhéil éagsúil. Úsáidtear an eisceacht seo freisin más páipéar i mBéarla é ach go bhfuil Gaeilge ann freisin. Níor chóir ach do scrúdaitheoirí ainmnithe scripteanna a mharcáil a freagraíodh trí Ghaeilge.<br>• *Ábhar ar iarraidh ón gcomhpháirt seo*: Ardaítear an eisceacht seo má tá an chuma air go bhfuil leathanaigh ar iarraidh ón script atá á marcáil agat.<br>• *Comhpháirt ar Iarraidh*: nuair nach bhfuil an páipéar/obair chúrsa meaitseála d'iarrthóir le feiceáil tar éis íoslódáil a dhéanamh in ábhair ina bhfuil comhpháirteanna iomadúla ar nós Béarla, Gaeilge, Oideachas Reiligiúnach, etc., ba chóir an eisceacht seo a ardú.<br>• *Uimhreacha iarrthóra nach bhfuil ag meaitseáil*: Ní mheaitseálann uimhir an iarrthóra ar leathanaigh bhreise nó ar an bpáipéar Cluastuisceana an uimhir ar an bpríomhleabhrán.<br>Nuair atá aon cheann de na heisceachtaí sin ardaithe agat, seolfar í go dtí an Rannóg Marcála Ar Líne i mBaile Átha Luain. B'fhéidir go mbainfidh siad an script de do liosta oibre, más iomchuí, nó b'fhéidir go gcuirfear uasdátú nó roinnt treoracha chugat trí *RM Assessor* mar fhreagra ar an eisceacht a d'ardaigh tú.<br>Tabhair faoi deara, má ardaíonn tú eisceacht *Comhpháirt Ar Iarraidh* ar pháipéar, beidh tú fós in ann do mharcáil a chur isteach ar an bpáipéar atá á mharcáil agat – mar shampla, má ardaíonn tú *Comhpháirt Ar Iarraidh* ar Pháipéar Béarla 1 mar go bhfuil Páipéar 2 ar iarraidh, beidh tú fós in ann do mharcáil a chur isteach ar Pháipéar 1, nuair atá sí curtha i gcrích agat. Do na heisceachtaí uile eile thuas, **ní** bheidh tú in ann do mharcáil a chur isteach ar an bpáipéar lena mbaineann go dtí go bhfuil an eisceacht réitithe ag an Rannóg Marcála Ar Líne.<br>Táthar ag súil go ndéileálfaí le heisceachtaí laistigh de 3 lá. Má bhíonn tuilleadh fiosrúcháin ag teastáil ina bhfuil níos mó ama de dhíth, cuirfear é sin in iúl duit.<br>Tá eisceacht amháin eile ann nach bhfuil ar fáil ach i gcomhpháirteanna áirithe a bhfuil bónas don Ghaeilge ag gabháil leo:<br>• *Fiosrú faoin mBónas don Ghaeilge*: ardaigh an eisceacht seo chun an bónas a choimeád siar ó script. Seoltar an eisceacht seo go dtí do Scrúdaitheoir Comhairleach seachas an Rannóg Marcála Ar Líne i mBaile Átha Luain. Ba chóir duit na sonraí d'aon script a bhfuil an eisceacht seo á hardú agat ina leith a thabhairt do do Scrúdaitheoir Comhairleach. |


| # | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **Scripteanna a mharcáil agus a chur isteach** | | |
| **11.** | **Conas a shocraím m'anótálacha marcála?** | An chéad uair a osclaíonn tú script lena marcáil i gcomhpháirt, beidh ort na hanótálacha a rachaidh isteach sa "painéal mear-rochtana" a roghnú, agus chun é sin a dhéanamh iad a tharraingt isteach ó bharra uirlisí na nótaí go dtí an painéal seo. Mura bhfuil ach beagán nótaí i do chomhpháirt, b'fhéidir go ndéanfaidh tú cinneadh gach ceann de na hanótálacha a tharraingt isteach go dtí an painéal seo. Nuair atá siad curtha isteach sa phainéal mear-rochtana, cliceáil ar an deilbhín **<<** chun barra uirlisí na n-anótálacha uile a chur i bhfolach agus tosaigh ag marcáil. |
| **12** | **Conas a dhéanaim mo dhul chun cinn a shábháil leath bealaigh trí script a mharcáil?** | Don chuid is mó de na hábhair, beidh cnaipe Sábháil ag bun an phainéil marcála. Má chliceálann tú air, sábhálann sé seo do mharcáil.<br>Sábháiltear do mharcáil freisin má dhéanann tú nascleanúint go dtí script eile, nó má fhágann tú script trí chliceáil a dhéanamh ar "Liosta Oibre" nó ar "Baile".<br>**Ná** cliceáil ar an gcnaipe ar ais nó ar an gcnaipe **×** den bhrabhsálaí mar dúnfaidh sé seo *Assessor* ach ní shábhálfaidh sé do chuid oibre. |
| **13.** | **Cad a dhéanaim má chaillim nasc idirlín agus script á marcáil?** | **Ná** cliceáil ar an gcnaipe ar ais nó ar an gcnaipe **×** den bhrabhsálaí mar dúnfaidh sé seo *Assessor* agus nuair a athnascann an t-idirlíon d'fhéadfadh sé nár sábháladh do chuid oibre. Má chailleann d'idirlíon nasc, réitigh an fhadhb idirlín, cinntigh go bhfuil an gléas ceangailte leis an idirlíon agus ansin cliceáil ar "liosta oibre" nó "baile" sula ndúnann tú an brabhsálaí. |
| **14.** | **Conas a chinntím go bhfuil marcanna á mbronnadh ar an gcuid cheart de cheist?** | Bain úsáid as na saigheada suas agus síos chun nascleanúint a dhéanamh idir ceisteanna éagsúla agus idir codanna de cheisteanna. **Déan cinnte de go bhfuil an mhír cheart roghnaithe agat sula gcuireann tú isteach marcanna nó sula gcuireann tú anótálacha i bhfeidhm**. Tá sé riachtanach a chinntiú go gcuirtear do mharcanna isteach i gcoinne na ceiste cirte sa phainéal marcála. Cuirfear tuilleadh treoracha ar fáil ag gach comhdháil mharcála. |
| **15.** | **Tá anótáil bainteach le mír mhícheart. Conas is féidir liom é sin a réiteach?** | Beidh an bealach a ndéanfaidh tú é sin ag brath ar an gcaoi a bhfuil do chomhpháirt socraithe le haghaidh marcála.<br>Oibreoidh an méid seo a leanas do scripteanna a freagraíodh ag baint úsáid as an bhFreagarleabhar AT, agus do pháipéir áirithe eile (nach bhfuil struchtúr orthu):<br>1. cliceáil ar an mír cheart don anótáil seo<br>2. cliceáil ar dheis ar an anótáil, agus roghnaigh "bog an anótáil seo go dtí an cheist reatha".<br>Má tá leabhrán atá curtha i gcrích á mharcáil agat, is é is dóichí nach n-oibreoidh sé seo, agus beidh ort an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>1. cliceáil ar an mír sa phainéal marcála lena mbaineann an anótáil faoi láthair<br>2. scrios an anótáil/na hanótálacha<br>3. cliceáil ar an mír cheart sa phainéal marcála<br>4. cuir isteach an anótáil cheart/ na hanótálacha cearta |

| # | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **16.** | **Táim ag iarraidh na hanótálacha a athrú ar script, ach ní ligfidh an córas dom é sin a dhéanamh. Cén fáth?** | Is é is dóichí nach mbaineann an anótáil leis an mír ar a bhfuil tú faoi láthair.<br>Má chliceáil tú ar an mír lenar chóir go mbainfeadh an anótáil, b'fhéidir go mbeidh tú in ann cliceáil ar dheis ar an anótáil agus 'bog an anótáil seo go dtí an cheist reatha" a roghnú.<br>Mura bhfuil an rogha seo ar fáil, beidh ort an mhír a aimsiú lena mbaineann an anótáil (trí chliceáil a dhéanamh trí na míreanna sa phainéal marcála). Nuair atá tú tar éis cliceáil a dhéanamh ar an mír chuí, is féidir leat an anótáil a bhogadh nó a scriosadh. |
| **17.** | **Cad a dhéanaim mura bhfreagraíonn iarrthóir ceist nó cuid de cheist?**<br>**An féidir liom úsáid a bhaint as an gcnaipe *Cuir i gCrích* chun na míreanna seo a chur san áireamh?** | Mura mbaineann iarrthóir triail as cuid de cheist, níor chóir duit 0 mharc a bhronnadh ar an iarrthóir don chuid seo. Ina ionad sin, ba chóir GF (*Gan Freagra*) a bhronnadh ar an iarrthóir. Is féidir leat é seo a dhéanamh go díreach trí úsáid a bhaint as an gcnaipe GF (*NR*) sa phainéal marcála.<br>Mar mhalairt air sin, má tá dóthain ceisteanna marcáilte agat chun an íosrúibric a chomhlíonadh ar an bpáipéar (agus, in ábhair a úsáideann *Freagarleabhar Scrúdaithe na hArdteistiméireachta*, má tá na leathanaigh ar fad anótáilte agat), d'fhéadfadh sé go mbeadh an rogha agat an cnaipe *Cuir i gCrích* a bhrú sa phainéal marcála. Cuirfidh sé seo GF (*NR*) isteach go huathoibríoch do gach cuid de cheist nár mharcáil tú go fóill.<br>Níor chóir duit riamh an cnaipe *Cuir i gCrích* a bhrú ach amháin nuair atá athbhreithniú déanta agat ar an script ina hiomláine, agus nuair atá gach cuid d'obair an iarrthóra marcáilte agat.<br>Maidir leis an íosrúibric a chomhlíonadh, tabhair faoi deara, mar shampla, más gá d'iarrthóirí trí cheist a fhreagairt as cúig cheist ina n-iomláine, ansin:<br>(1) ní mheastar go bhfuil an cheist marcáilte go dtí go bhfuil marc nó GF (*NR*) curtha isteach i ngach cuid den cheist, agus<br>(2) mura mbaineann iarrthóir ach triail as ceist amháin nó dhá cheist, ansin ba chóir duit GF (*NR*) a chur isteach do gach cuid den chéad cheist/ de na chéad cheisteanna atá ar fáil. Dá bhrí sin, mura mbaineann iarrthóir ach triail as ceist 4, ba chóir duit gach cuid de cheist 4 a mharcáil, agus ansin GF (*NR*) a chur isteach do gach cuid de cheisteanna 1 agus 2. Ba chóir go mbeadh an cnaipe *Cuir i gCrích* ar fáil ansin (faoi choinníoll sa bhreis, i *bhFreagarleabhar Scrúdaithe na hArdteistiméireachta*, go ndearnadh na leathanaigh ar fad a anótáil). |
| **18.** | **Táim críochnaithe ag marcáil scripte ach níl an cnaipe *Cuir Isteach* (nó an cnaipe *Cuir i gCrích*) ar fáil. Cén fáth?** | Is é is dóichí nár marcáladh ceist/cuid (le marcanna uimhriúla nó leis an marc GF (*NR*)). Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na ceisteanna/codanna uile sa phainéal marcála lena chinntiú gur comhlíonadh an rúibric. (Féach an cheist roimhe seo.)<br>Mar mhalairt air sin (má tá *Freagarleabhar Scrúdaithe na hArdteistiméireachta* á mharcáil), d'fhéadfadh sé go bhfuil leathanaigh ann nár anótáladh (féach thíos). |

| # | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **19.** | **An gá dom anótáil a chur isteach ar gach leathanach?** **An bhfuil bealach éasca ann lena chinntiú go ndearna mé é sin?** | Ba chóir go gcuirfeá anótáil ar gach leathanach a chuireann an córas marcála ar fáil duit. Má tá leabhrán curtha i gcrích á mharcáil agat, go hiondúil ní thaispeántar roinnt de na leathanaigh (e.g. clúdaigh chun tosaigh, an leathanach treoracha ag an tús), agus ní gá duit iad sin a anótáil. Má tá *Freagarleabhar Scrúdaithe na hArdteistiméireachta* a mharcáil agat, is gá duit gach leathanach a anótáil. An bealach is tapúla le leathanaigh nár anótáladh go fóill a aithint ná cliceáil a dhéanamh ar Amharc ar an bhFreagra Iomlán (deilbhín de leabhar oscailte gar do bharr an scáileáin ar chlé), agus scoránaigh chun nach dtaispeánfar ach leathanaigh nár anótáladh (ag an mbarr ar dheis). Féach leathanach 8 nó 9 den leabhrán *Ag Tosú Amach*, dar teideal "Na leathanaigh uile a anótáil". |
| **20.** | **An féidir liom marcanna a athrú tar éis dom script a chur isteach?** | Go hiondúil, is féidir leat. Is féidir leat eagarthóireacht a dhéanamh ar do mharcáil tar éis duit cliceáil a dhéanamh ar *Cuir Isteach*. Go deimhin, is gá duit eagarthóireacht a dhéanamh ar an marcáil atá curtha isteach agat, mar shampla, chun aon leasuithe a chur i bhfeidhm tar éis na monatóireachta.<br><br>Go hiondúil, an t-aon uair nach féidir leat eagarthóireacht a dhéanamh ar do mharcáil ar script ná má tá sí roghnaithe ag do Scrúdaitheoir Comhairleach le monatóireacht a dhéanamh uirthi. Sa chás sin, cuirfidh do Scrúdaitheoir Comhairleach aon leasuithe atá ag teastáil i bhfeidhm ar a marcáil; ní athrófar do mharcáil. |
| **21.** | **Conas a bhreathnaím ar an amharc mionsamhla de na leathanaigh ar fad? (*Amharc ar an bhFreagra Iomlán*)** | Nuair a osclaíonn tú script i do liosta oibre, beidh siombail de leabhar oscailte ar thaobh na láimhe clé den scáileán. Má chliceálann tú air seo beidh tú in ann amharc ar an script iomlán i leathanach amháin, dhá nó ceithre leathanach ag an am. Is féidir leat scrollú trí script ina hiomláine agus is féidir leathanach ar leith a aimsiú go tapa. D'fhéadfadh sé seo a bheith úsáideach más gá amharc ar an leathanach clúdaigh chun tosaigh nó ar chúl. Tá rogha ann freisin gan ach leathanaigh nár anótáladh a thaispeáint. Is féidir leis seo a bheith an-úsáideach nuair atá *Freagarleabhar Scrúdaithe na hArdteistiméireachta* á mharcáil, má cheapann tú go bhfuil seans ann gur theip ort leathanach a anótáil. |
| **22.** | **Má scríobhann iarrthóir freagraí ar cheann amháin de na leathanaigh bhreise, an féidir liom an leathanach sin a cheangal le leathanaigh iomadúla eile agus conas a dhéanaim é?** | Má tá ábhar á mharcáil agat le *Freagarleabhar Scrúdaithe na hArdteistiméireachta*, níl aon ghá an leathanach sin a cheangal le haon cheist ar leith. Cuirfear an leathanach seo díreach isteach i *bhFreagarleabhar Scrúdaithe na hArdteistiméireachta*, agus caithfear leis ar an gcaoi chéanna leis na leathanaigh den phríomhleabhrán.<br><br>Má tá ábhar á mharcáil agat ina bhfuil leabhrán curtha i gcrích i gceist, nuair a théann tú chun an script a mharcáil den chéad uair, beidh ort gach leathanach den script a cheangal leis an gcuid/ na codanna iomchuí de cheist. Is féidir leat eagarthóireacht a dhéanamh ar na naisc sin le linn na marcála (e.g. chun leathanach breise a cheangal le cuid eile de cheist) trí chliceáil a dhéanamh ar an gcnaipe den leabhar oscailte nuair atá an mharcáil á déanamh (féach ceist 15 *Amharc ar an bhFreagra Iomlán*).<br><br>Tá tuilleadh eolais faoi conas é sin a dhéanamh ar fáil sa leabhrán *Ag Tosú Amach*. |

## Monatóireacht

| # | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **23.** | **Is Scrúdaitheoir mé, agus rinneadh monatóireacht ar roinnt den mharcáil a rinne mé, ach ní féidir liom ach an mharcáil a rinne mé féin a fheiceáil. Conas a fheicim an mhonatóireacht a rinne mo Scrúdaitheoir Comhairleach?** | Má chliceáil tú ar script a ndearnadh monatóireacht uirthi agus mura féidir leat ach do mharcáil féin a fheiceáil, tharla ceann amháin de thrí rud.<br>B'fhéidir go bhfuil tú i do liosta *Curtha Isteach Dúnta* féin trí bhotún. Téigh ar ais go dtí Baile, cliceáil isteach ar Mo Mharcáil don chomhpháirt, ansin cliceáil ar Marcáil a ndearnadh Monatóireacht uirthi ar thaobh na láimhe clé. Anois, cliceáil ar an script iomchuí.<br>Má dhéanann tú rochtain ar an script ar an gcaoi seo agus nach bhfuil an mhonatóireacht ar taispeáint go fóill, cliceáil ar an deilbhín "duine mór duine beag" os cionn an phainéil marcála, agus cinntigh go bhfuil na leibhéil mharcála uile curtha ar siúl.<br>Mura bhfuil an script sa liosta oibre Marcáil a ndearnadh Monatóireacht uirthi, cinntigh ar dtús go bhfuil an Liostaigh Amharc curtha ar siúl agat agus gur féidir leat uimhreacha na n-iarrthóirí a fheiceáil. Mura bhfuil sí ansin go fóill, téigh i dteagmháil le do Scrúdaitheoir Comhairleach – d'fhéadfadh sé go ndearna sé/sí an mhonatóireacht, ach nár chliceáil sé/sí ar Cuir Isteach. |
| **24.** | **Is scrúdaitheoir comhairleach mé. Conas is féidir liom script a roghnú le monatóireacht a dhéanamh uirthi (i.e. Ráiteas monatóireachta a ardú)?** | Ón scáileán baile, is féidir le scrúdaitheoir comhairleach feidhm na bainistíochta foirne a roghnú, ansin an fo-mharcóir atá ag teastáil a roghnú agus amharc ar a liosta oibre ineagarthóireachta nó dúnta a cuireadh isteach chun freagra a roghnú le monatóireacht a dhéanamh air. Laistigh den amharc marcála, má roghnaítear ardaigh ráiteas monatóireachta ón ngrúpa cnaipí ag an mbarr ar chlé ardófar ráiteas monatóireachta nua laistigh de do liosta oibre beo. |
| **25.** | **Is Scrúdaitheoir Comhairleach mé. D'ardaigh mé ráiteas monatóireachta, ach anois ní féidir liom é a aimsiú chun an mhonatóireacht a dhéanamh / a uasdátú** | Téann tú go dtí *Bainistíocht Foirne* chun ráiteas monatóireachta a ardú. Ach, a luaithe agus a ardaítear é, tá tusa freagrach as anois; mar thoradh air seo, nuair a ardaítear é tagann tú air trí ghabháil chuig *Mo Mharcáil*.<br>Mar sin, cliceáil ar *Mo Mharcáil*, cliceáil ar an liosta oibre *Ráiteas Monatóireachta* ar thaobh na láimhe clé (ná cliceáil ar *Marcáil a ndearnadh Monatóireacht uirthi* – tá sé seo ann le haghaidh do mharcála a ndearna duine, atá ag céim os do chionn, monatóireacht uirthi), agus tiocfaidh tú ar an script atá i gceist. Ná déan dearmad go bhfuil táib éagsúla anseo: murar chuir tú isteach an mhonatóireacht, beidh sí sa *Oscailte le haghaidh marcála;* má chuir tú í isteach, is é is dóichí go mbeidh sí sa *Curtha Isteach d'ineagarthóireacht* (nó *Curtha Isteach agus dúnta* b'fhéidir). |

| # | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **Ceisteanna eile** | | |
| **26.** | **Conas a dhéanaim cuardach ar script de réir uimhir iarrthóra?** | Trí chliceáil ar an deilbhín roghchláir (3 bharra) sa chúinne ag an mbarr ar thaobh na láimhe deise den scáileán agus tú i gcomhpháirt roghnaithe, taispeánfar líon critéar cuardaigh éagsúla. Mar mhalairt air sin, má chliceálann tú ar an gceannteideal Uimhir Iarrthóra, déanfar an liosta oibre a chur in eagar de réir uimhir iarrthóra, a d'fhéadfadh cuidiú leat uimhir iarrthóra ar leith a aimsiú go tapa.<br><br> |
| **27.** | **Conas a dhéanaim rochtain ar scripteanna neamhthipiciúla?** | Is é atá i gceist le scripteanna neamhthipiciúla ná cinn nach dtagann struchtúr an leabhráin leis an struchtúr a bhfuiltear ag súil leis, mar shampla, má tá leathanaigh áirithe ar iarraidh. Má tugadh scripteanna neamhthipiciúla duit lena marcáil, tabharfar an t-ionad agus uimhir an iarrthóra duit do na scripteanna ar leith.<br>Nuair a chliceálann tú ar Mo Mharcáil do chomhpháirt, cliceáil ar an liosta oibre Neamhthipiciúil ar chlé. Ansin cuir isteach an t-ionad agus sonraí an iarrthóra, agus cliceáil ar Cuardaigh. Má rinneadh script neamhthipiciúil a scanadh a thagann leis na sonraí a chuir tú isteach, beidh an rogha agat tús a chur leis an marcáil láithreach bonn, nó an script a íoslódáil go dtí do liosta oibre Neamhthipiciúil lena marcáil níos déanaí. Beidh ort na sonraí a chur isteach do gach script neamhthipiciúil atá á marcáil agat.<br>Chun filleadh ar do mharcáil neamh-neamhthipiciúil, cliceáil ar an liosta oibre Beo ar chlé.<br>Tabhair faoi deara, do leabhráin curtha i gcrích, nach mbeidh struchtúr ar scripteanna neamhthipiciúla – is é sin, nuair a chliceálann tú ar mhír, ní athróidh íomhá na scripte; ní mór duit scrollú trí script an iarrthóra de láimh. |
| **28.** | **Cad a fheiceann iarrthóir nuair a bhreathnaíonn sé/sí ar an script?** | Nuair a bhreathnaíonn sé/sí ar a script tar éis mharcáil an tsamhraidh, ní fheicfidh iarrthóir ach amháin an tsraith deiridh den mharcáil. Má marcáladh script agus ansin má rinneadh monatóireacht uirthi, ní bheidh ach an tsraith deiridh den mharcáil (an mhonatóireacht) infheicthe don iarrthóir. Feicfidh an t-iarrthóir PDF amháin ina bhfuil an méid seo a leanas:<br>• Tuairisc Marcanna. Anseo tá liosta de na marcanna a fuair an t-iarrthóir do gach cuid de cheist (cén nach bhfuil iomlán marcanna na ceiste ann), chomh maith leis an marc iomlán don pháipéar. Taispeántar freisin cad iad na marcanna a úsáideadh chun an marc iomlán a ríomh (ticeanna glasa).<br>• Script scanta an iarrthóra, in éineacht le haon anótálacha a cuireadh i bhfeidhm. **Mura** ndearnadh monatóireacht ar an script, beidh na hanótálacha i ndath dearg; má rinneadh monatóireacht uirthi, beidh na hanótálacha i ndath glas.<br>• Bileog achomair. De ghnáth bíonn an Bónas don Ghaeilge san áireamh anseo, más infheidhme. |

## Aguisín 1: Teagmháil a Dhéanamh leis an Rannóg Marcála Ar Líne

Tá an Rannóg Marcála Ar Líne ar fáil i rith na marcála ar fad chun tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do Scrúdaitheoirí chun úsáid a bhaint as an gcóras marcála ar líne. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Marcála Ar Líne ar ríomhphost nó ar an bhfón:

- **onlinemark@examinations.ie**
- **(090) 644 2461** nó **(090) 644 2476**

Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Marcála Ar Líne chun fadhbanna teicniúla a réiteach a bhaineann le *Assessor* a úsáid. **Níor** chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Marcála Ar Líne má bhaineann d'fhiosrú le feidhmiú na scéime marcála – ina leithéid de chásanna, téigh i dteagmháil i gcónaí le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Go sonrach, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Marcála Ar Líne má tá aon cheann de na fadhbanna seo agat:

- Fadhbanna a bhaineann le Logáil isteach agus rochtain a dhéanamh.
- Marcanna a chailleadh, gan bheith in ann marcanna a shábháil, etc.
- Fadhb leis an gcóras ag léim ar ais go dtí ceisteanna roimhe seo.
- Gur Scrúdaitheoir Comhairleach tú agus go bhfuil fiosruithe agat maidir le athdháileachán na scripteanna nó na marcanna.

Agus tú i dteagmháil leis an Rannóg Marcála Ar Líne:

- Má tá seatanna scáileáin á gcur agat ar ríomhphost ina bhfuil aon eolas inaitheanta (mar shampla, scrúduimhir, ID freagartha, ainmneacha), téigh i dteagmháil leis an Rannóg Marcála Ar Líne do dhoiciméad criptithe Word – ***Foirm 20** Fadhbanna a thuairisciú –*** le húsáid chun na críche seo. **Ná** hathraigh an pasfhocal ar an doiciméad le do thoil, mar ciallaíonn sé sin nach mbeidh an Rannóg Marcála Ar Líne in ann é a oscailt.
- Cuir isteach sa doiciméad Word an t-am agus an dáta ar tharla an fhadhb le do thoil, agus cuir in iúl cén brabhsálaí (*Chrome, Edge, Firefox, Safari, etc.*) ina bhfuil tú ag obair.

**Aguisín 2: Gléasanna atá Molta agus a bhfuil Tacaíocht leo**

# Recommended & Supported Devices

Below are devices and platforms that RM Assessor[3] can be used on.

| | PC | | Mac | Android Tablet | iPad |
|---|---|---|---|---|---|
| **Operating system** | **Windows 10** Version 22H2 supported until 31 July 2026 | **Windows 11** Version 24H2 supported until 13 Oct 2026 Version 25H2 supported until around October 2027 | **macOS** Current and the preceding major version are supported | **Android** Current and the preceding major version are supported | **iPadOS** Current and the preceding major version are supported |
| **Processor** | Intel i3+ or equivalent | Intel i3+ or equivalent Windows 11 compatible processor | Devices stated by Apple as being supported for the above macOS | Quad core+ | Devices stated by Apple as being supported for the above iPadOS |
| **Memory** | 4GB+ | 4GB+ | | Memory required for the above OS | |
| **Screen Size** | 8" or larger, minimum resolution 1280x720 | | | | |

| | PC | | Mac | Android Tablet | iPad |
|---|---|---|---|---|---|
| **Browser** | **Chrome, Firefox, Edge** Current and the preceding major version | **Chrome, Firefox, Edge** Current and the preceding major version | **Chrome, Firefox, Safari** Current and the preceding major version | **Chrome** Current and the preceding major version | **Safari** Current and the preceding major version |
| **Input supported** | Mouse and Keyboard | Mouse and Keyboard | Mouse and Keyboard | Touch and Keyboard | Touch and Keyboard |

## Aguisín 3: Do Thaisce a Ghlanadh

Anois is arís, b'fhéidir go molfaí duit do thaisce brabhsálaí a ghlanadh mar chuid de na céimeanna chun fadhbanna a thagann aníos a réiteach e.g. Uaireanta d'fhéadfadh sé seo a bheith ann mar gur tharla imlonnú nua agus go bhfuil leaganacha comhad níos sine á gcoinneáil ag do bhrabhsálaí. Is iad seo a leanas na céimeanna táscacha.

**Chrome**

1. Cliceáil ar na 3 phonc ingearacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Stair > Stair
3. Roghnaigh Glan an Stair Bhrabhsála (ba chóir go mbeadh sé seo ar thaobh na láimhe clé den scáileán)
4. Táb bunúsach > athraigh an tréimhse ama go dtí 'gach am' agus cuir tic leis na roghanna ar fad atá liostaithe
5. Roghnaigh Glan na sonraí.

**Firefox**

1. Cliceáil ar na 3 phonc chothrománacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Leabharlann > Stair > Glan an Stair is Déanaí
3. Athraigh raon ama 'gach rud' agus roghnaigh na roghanna ar fad i Stair.
4. Cliceáil ar 'OK'

**Edge**

1. Cliceáil ar na 3 phonc chothrománacha sa chúinne ar dheis ag an mbarr
2. Roghnaigh Stair
3. Cliceáil ar 3 phonc chothrománacha laistigh den tsraith ag an mbarr den phainéal Staire atá le feiceáil
4. Roghnaigh Glan na sonraí Brabhsála
5. Athraigh an tréimhse ama go dtí 'gach am' agus cuir tic leis na roghanna ar fad thíos
6. Cliceáil ar Glan Anois

**Safari ar Mac**

1. Oscail Safari. Cliceáil ar Safari in aice leis an lógó Apple
2. Cliceáil ar Roghanna.
3. Cliceáil ar Ardroghanna.
4. Cuir tic sa bhosca don roghchlár Taispeáin an Fhorbairt sa bharra roghchláir.
5. Cliceáil ar Forbair ón mbarr.
6. Cliceáil ar Folmhaigh na Taiscí.